Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/0315(COD)

04.03.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2016/399 a mhéid a bhaineann le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta
(COM(2024)0567 – C10-0207/2024 – 2024/0315(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Assita Kanko

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 22

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2016/399 a mhéid a bhaineann le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta
(COM(2024)0567 – C10-0207/2024 – 2024/0315(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0567),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2), pointí (b) agus (d) agus d'Airteagal 87(2), pointe (a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0207/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ní cheadaítear le Rialachán (AE) 2017/2226 ach tús iomlán a chur le hoibríochtaí, rud a cheanglaítear ar na Ballstáit uile tús a chur le EES a úsáid go hiomlán le haghaidh na náisiúnach tríú tír uile atá faoi réir clárú in EES agus EES a úsáid go comhuaineach ag a bpointí trasnaithe teorann uile.	(3) Ní cheadaítear le Rialachán (AE) 2017/2226 ach tús iomlán a chur le hoibríochtaí, rud a cheanglaítear ar na Ballstáit uile tús a chur le EES a úsáid go hiomlán le haghaidh na náisiúnach tríú tír uile atá faoi réir clárú in EES agus EES a úsáid go comhuaineach ag a bpointí trasnaithe teorann uile. ***Mar sin féin, is toisc riosca é tús iomlán a chur le hoibríochtaí fheidhmiúlachtaí uile EES ag gach pointe trasnaithe teorann ag an am céanna d'athléimneacht EES ina iomláine agus do shreafaí paisinéirí ag na teorainneacha seachtracha.***

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Chun an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na Ballstáit chun tús a chur le EES a úsáid de réir a leibhéil ullmhachta agus chun coigeartuithe teicniúla agus oibríochtúla a éascú agus iad ag cur tús le EES a oibriú, is gá rialacha a leagan síos maidir le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES. Chun a áirithiú gur léiriú iad na coigeartuithe sin ar shreabhadh taistil féideartha agus ar bhuaic shéasúrach fhéideartha, ba cheart 180 lá féilire a bheith i gceist le tús mar sin a chur leis de réir a chéile.	(4) Chun an tsolúbthacht is gá a thabhairt do na Ballstáit i gcás ina gcuireann siad tús le EES a úsáid de réir a leibhéil ullmhachta agus chun coigeartuithe teicniúla agus oibríochtúla a éascú agus iad ag cur tús le EES a oibriú, is gá rialacha a leagan síos maidir le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES ar lena linn ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rolladh amach céimnithe EES a roghnú. Chun a áirithiú gur léiriú iad na coigeartuithe sin ar shreabhadh taistil féideartha agus ar bhuaic shéasúrach fhéideartha, ba cheart 180 lá féilire a bheith i gceist le tús mar sin a chur leis de réir a chéile.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Dá bhrí sin, chun go mbeifear in ann tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES, is gá maolú ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (‘Cód Teorainneacha Schengen’). Tá feidhm ag rialacha eile a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2226 nach ndéantar difear dóibh leis an Rialachán seo mar a fhoráiltear sa Rialachán sin. Go háirithe, leanann na sonraí a thaifeadtar in EES le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2226 agus meastar go bhfuil siad iontaofa agus cruinn.	(5) Dá bhrí sin, chun go mbeifear in ann tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES, is gá maolú ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (‘Cód Teorainneacha Schengen’). Tá feidhm ag rialacha eile a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2226 nach ndéantar difear dóibh leis an Rialachán seo mar a fhoráiltear sa Rialachán sin. Go háirithe, leanann na sonraí a thaifeadtar in EES le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2226 agus meastar go bhfuil siad iontaofa agus cruinn. ***Ní dhéanann an Rialachán seo difear do bhailíocht na bhfógraí a chuir na Ballstáit ar fáil cheana féin faoi Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2017/2226.***
[3] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/399/oj).	[3] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/399/oj).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart do na Ballstáit tús a chur de réir a chéile le EES a oibriú chun sonraí na náisiúnach tríú tír a thaifeadadh atá faoi réir clárú in EES ag pointe trasnaithe teorann amháin nó níos mó, ar dul isteach agus imeacht dóibh. Más féidir agus más infheidhme, ba cheart do na Ballstáit comhcheangal de phointí trasnaithe teorann aeir, talún agus mara a chuimsiú. Chun seoladh rialaithe EES a áirithiú agus chun amanna feithimh fada a d'fhéadfadh a bheith ag na teorainneacha a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus iad a sheachaint, i gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit feidhmiúlachtaí uile EES a úsáid de réir a chéile agus sonraí na náisiúnach tríú tír uile atá faoi réir clárú in EES a chlárú de réir a chéile. Chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, ba cheart an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí a chur chun feidhme i gcéimeanna, rud ar cheart na híoscheanglais a bheidh le baint amach ag na Ballstáit a leagan síos leis. ***Beidh an deis ag na Ballstáit dlús a chur leis an gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó tús a chur le EES a oibriú go hiomlán ó thús an chur chuige chéimnithigh.***	(6) Ballstáit nach gcuireann tús le EES a oibriú go hiomlán ag a bpointí trasnaithe teorann go léir, ba cheart dóibh tús a chur de réir a chéile le EES a oibriú chun sonraí na náisiúnach tríú tír a thaifeadadh atá faoi réir clárú in EES ag pointe trasnaithe teorann amháin nó níos mó, ar dul isteach agus imeacht dóibh. Más féidir agus más infheidhme, ba cheart do na Ballstáit comhcheangal de phointí trasnaithe teorann aeir, talún agus mara a chuimsiú. Chun seoladh rialaithe EES a áirithiú agus chun amanna feithimh fada a d'fhéadfadh a bheith ag na teorainneacha a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus iad a sheachaint, i gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit feidhmiúlachtaí uile EES a úsáid de réir a chéile agus sonraí na náisiúnach tríú tír uile atá faoi réir clárú in EES a chlárú de réir a chéile. Chun a áirithiú go mbainfear lánúsáid as EES ag gach pointe trasnaithe teorann san Aontas, ba cheart tairseacha a bheith san áireamh i dtús céimnitheach na n-oibríochtaí, tairseacha ar cheart na híoscheanglais a bheidh le baint amach ag na Ballstáit a leagan síos leis.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Chun cur in úsáid rianúil EES a éascú, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) plean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach a fhorbairt chun treoraíocht a sholáthar do na	(7) Chun cur in úsáid rianúil EES a éascú, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) plean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach a fhorbairt chun treoraíocht a sholáthar do na

Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí an Aontais maidir le cur in úsáid EES a phleanáil agus a chur i gcrích le linn an túis a chuirfear de réir a chéile lena hoibríochtaí agus ba cheart di an plean a chur faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus ghníomhaireachtaí an Aontais. ***Ba cheart a chuimsiú sa phlean sin teorainneacha acmhainneachta an Lárchórais mar a shonraíonn eu-LISA le haghaidh gach céime cur in úsáid. Ba cheart acmhainneacht an Lárchórais mar a leagtar amach sa phlean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach a chur san áireamh sna cinntí ó na Ballstáit.***	Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí an Aontais maidir le cur in úsáid EES a phleanáil agus a chur i gcrích le linn an túis a chuirfear de réir a chéile lena hoibríochtaí agus ba cheart di an plean a chur faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus ghníomhaireachtaí an Aontais.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Chun cur in úsáid rianúil EES a éascú, ba cheart do na Ballstáit pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach a fhorbairt i gcomhairle leis an gCoimisiún agus eu-LISA. I gcás gach ceann de chéimeanna an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, ba cheart a chuimsiú sna pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach an fhaisnéis faoi na tairseacha agus na ceanglais a leagtar síos, go háirithe an méid seo a leanas: (i) an dáta óna n-oibreofar EES ag gach pointe trasnaithe teorann; (ii) céatadán an lín mheasta trasnuithe teorann atá le clárú in EES as líon iomlán na náisiúnach tríú tír atá faoi réir clárú in EES; agus (iii) i gcás inarb infheidhme, na feidhmiúlachtaí bithmhéadracha atá le hoibriú ag gach pointe trasnaithe teorann a roghnaítear. Agus a bpleananna náisiúnta féin um fheidhmiú céimneach á n-ullmhú acu, moltar do na Ballstáit comhordú iomchuí a dhéanamh le hoibreoirí an bhonneagair ina	(8) Chun cur in úsáid rianúil EES a éascú, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le eu-LISA, pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach a fhorbairt agus na pleananna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. I gcás gach ceann de chéimeanna an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, ba cheart a chuimsiú sna pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach an fhaisnéis faoi na tairseacha agus na ceanglais a leagtar síos, go háirithe an méid seo a leanas: (i) an dáta óna n-oibreofar EES ag gach pointe trasnaithe teorann; (ii) céatadán an lín mheasta trasnuithe teorann atá le clárú in EES as líon iomlán na náisiúnach tríú tír atá faoi réir clárú in EES; agus (iii) i gcás inarb infheidhme, na feidhmiúlachtaí bithmhéadracha atá le hoibriú ag gach pointe trasnaithe teorann a roghnaítear. Agus a bpleananna náisiúnta féin um fheidhmiú céimneach á n-ullmhú acu, moltar do na Ballstáit comhordú

bhfuil pointí trasnaithe teorann lonnaithe. Chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí, ba cheart do na Ballstáit tuarascálacha míosúla a sholáthar don Choimisiún agus do eu-LISA maidir le cur chun feidhme a bpleananna um fheidhmiú céimneach. Ba cheart a chuimsiú sna tuarascálacha míosúla sin bearta ceartaitheacha, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an túis a chuirfear leis de réir a chéile le hoibríochtaí a áirithiú.	iomchuí a dhéanamh le hoibreoirí an bhonneagair ina bhfuil pointí trasnaithe teorann lonnaithe. Chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí, ba cheart do na Ballstáit tuarascálacha míosúla a sholáthar don Choimisiún agus do eu-LISA maidir le cur chun feidhme a bpleananna um fheidhmiú céimneach. Ba cheart a chuimsiú sna tuarascálacha míosúla sin bearta ceartaitheacha, i gcás inar gá, chun comhlíonadh an túis a chuirfear leis de réir a chéile le hoibríochtaí a áirithiú. . en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Mar gheall ar an tús a chuirfear de réir a chéile le EES agus neamhiomláine fhéideartha na sonraí a thaifeadtar in EES, ba cheart doiciméid taistil náisiúnach tríú tír a stampáil ar dhul isteach agus imeacht dóibh le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta neamhiomláine fhéideartha na dtaifead ar dhul isteach/imeacht nó na dtaifead ar dhiúltú cead isteach a chur san áireamh agus ba cheart dóibh a mheas go bhfuil forlámhas ag stampaí ar an bhfaisnéis a chláraítear in EES. Ina theannta sin, agus faisnéis á soláthar do náisiúnaigh tríú tír faoi uasfhad a bhfanachta údaraithe atá fágtha, ba cheart do na húdaráis náisiúnta a measúnú a bhunú ar na stampaí a ghreamaítear de na doiciméid taistil. Ba cheart forlámhas a bheith ag na sonraí a thaifeadtar in EES i gcás ina bhfuil stampa in easnamh.	(9) Mar gheall ar an tús a chuirfear de réir a chéile le EES agus neamhiomláine na sonraí a thaifeadtar in EES dá bharr, ba cheart doiciméid taistil náisiúnach tríú tír a stampáil ar dhul isteach agus imeacht dóibh le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta neamhiomláine fhéideartha na dtaifead ar dhul isteach/imeacht nó na dtaifead ar dhiúltú cead isteach a chur san áireamh agus ba cheart dóibh a mheas go bhfuil forlámhas ag stampaí ar an bhfaisnéis a chláraítear in EES. Ina theannta sin, agus faisnéis á soláthar do náisiúnaigh tríú tír faoi uasfhad a bhfanachta údaraithe atá fágtha, ba cheart do na húdaráis náisiúnta a measúnú a bhunú ar na stampaí a ghreamaítear de na doiciméid taistil. Ba cheart forlámhas a bheith ag na sonraí a thaifeadtar in EES i gcás ina bhfuil stampa in easnamh. Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Chun an t-am is gá a sholáthar do na Ballstáit dul in oiriúint do thús EES, le haghaidh na gcéad 60 lá féilire den tús a chuirfear de réir a chéile leis na hoibríochtaí, níor cheart úsáid feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag pointí trasnaithe teorann a bheith sainordaitheach. Tráth nach déanaí ná an 90ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile leis na hoibríochtaí, ba cheart do na Ballstáit EES a oibriú le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag leath dá bpointí trasnaithe teorann ar a laghad. Níor cheart soláthar sonraí bithmhéadracha a bheith ina choinníoll maidir le dul isteach le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir clárú in EES ag na pointí trasnaithe teorann ag a n-oibrítear EES gan feidhmiúlachtaí bithmhéadracha.	(11) Chun an t-am is gá a sholáthar do na Ballstáit dul in oiriúint do thús EES, le haghaidh na gcéad 60 lá féilire den tús a chuirfear de réir a chéile leis na hoibríochtaí, níor cheart úsáid feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag pointí trasnaithe teorann a bheith sainordaitheach. Tráth nach déanaí ná an 90ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile leis na hoibríochtaí, ba cheart do na Ballstáit EES a oibriú le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag leath dá bpointí trasnaithe teorann ar a laghad. Níor cheart soláthar sonraí bithmhéadracha a bheith ina choinníoll maidir le dul isteach le haghaidh náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir clárú in EES ag na pointí trasnaithe teorann ag a n-oibrítear EES gan feidhmiúlachtaí bithmhéadracha.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Chun bainistiú éifeachtach na dteorainneacha seachtracha a áirithiú le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, ag na pointí trasnaithe teorann nach n-oibrítear EES acu, ba cheart seiceálacha teorann a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 de réir mar is infheidhme [an lá roimh an dáta a thosóidh EES oibríochtaí mar a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2017/2226]. Ag	(23) Chun bainistiú éifeachtach na dteorainneacha seachtracha a áirithiú le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, ag na pointí trasnaithe teorann nach n-oibrítear EES acu, ba cheart seiceálacha teorann a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 de réir mar is infheidhme [an lá roimh an dáta a thosóidh EES oibríochtaí mar a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2017/2226]. Ag

pointe trasnaithe teorann ag a n-oibrítear EES, ba cheart seiceálacha teorann a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2226 agus Cód Teorainneacha Schengen. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag maoluithe sonracha ar na Rialacháin sin a mhéid a bhaineann le fíorú ag na pointí trasnaithe teorann ag n-oibrítear EES gan feidhmiúlachtaí bithmhéadracha chun gur féidir tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí. Ba cheart é sin a dhéanamh gan dochar d'fhíoruithe sealbhóirí víosa trí mhéarloirg a úsáid, i gcomhréir le Rialachán (CE) 787/2008.	pointe trasnaithe teorann ag a n-oibrítear EES, ba cheart seiceálacha teorann a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2226 agus Cód Teorainneacha Schengen. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag maoluithe sonracha ar na Rialacháin sin a mhéid a bhaineann le fíorú ag na pointí trasnaithe teorann ag n-oibrítear EES gan feidhmiúlachtaí bithmhéadracha chun gur féidir tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí. Ba cheart é sin a dhéanamh gan dochar d'fhíoruithe sealbhóirí víosa trí mhéarloirg a úsáid, i gcomhréir le Rialachán (CE) 767/2008.
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Chun gur féidir dul in oiriúint go héifeachtach do na socruithe teicniúla agus eagraíochtúla le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES i ngach Ballstát agus chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla a bhaineann le cliseadh Lárchóras EES, na gcóras náisiúnta nó an bhonneagair cumarsáide, nó le hamanna feithimh iomarcacha ag a dteorainneacha, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit oibríochtaí EES ag pointí trasnaithe teorann áirithe a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach. I gcás fionraí pháirteach, ba cheart clárú sonraí bithmhéadracha in EES a chur ar fionraí. I gcás fionraí iomlán, níor cheart aon sonraí a chlárú in EES. ***Chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí breise a bhaineann le cur in úsáid EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit, in imthosca eisceachtúla as a n-eascraíonn trácht atá chomh dian sin go n-éiríonn na hamanna feithimh ag teorainneacha iomarcach,***	(24) Chun gur féidir dul in oiriúint go héifeachtach do na socruithe teicniúla agus eagraíochtúla agus chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cliseadh Lárchóras EES, na gcóras náisiúnta nó an bhonneagair cumarsáide, nó le hamanna feithimh iomarcacha ag a dteorainneacha, le linn na tréimhse a chuirfear tús de réir a chéile le hoibríochtaí EES, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit oibríochtaí EES ag pointí trasnaithe teorann áirithe a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach. I gcás fionraí pháirteach, ba cheart clárú sonraí bithmhéadracha in EES a chur ar fionraí. I gcás fionraí iomlán, níor cheart aon sonraí a chlárú in EES.

clárú sonraí bithmhéadracha in EES a chur ar fionraí tar éis an tús a chuirfear de réir a chéile leis na hoibríochtaí a bheith thart. Ba cheart an fionraí sin a bheith féideartha ar feadh tréimhse theoranta 60 lá tar éis an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES a bheith thart agus ba cheart síneadh 60 lá a chur leis más rud é go bhfuil sonraí bithmhéadracha i níos lú ná 80 % de na comhaid aonair atá cláraithe in EES le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24 a) Chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí breise a bhaineann le cur in úsáid EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit, in imthosca eisceachtúla as a n-eascraíonn trácht atá chomh dian sin go n-éiríonn na hamanna feithimh ag teorainneacha iomarcach, clárú sonraí bithmhéadracha in EES a chur ar fionraí tar éis an tús a chuirfear de réir a chéile leis na hoibríochtaí a bheith thart. Ba cheart fionraí den sórt sin a bheith indéanta ar feadh tréimhse theoranta 60 lá tar éis deireadh a theacht le hoibríochtaí EES de réir a chéile.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Maidir le cuspóir an Rialacháin seo lena n-údaraítear maoluithe ar Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2016/299 chun foráil a dhéanamh maidir le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES, ní féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach go leormhaith agus, de bharr scála agus thionchar na gníomhaíochta, is fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.	(27) Maidir le cuspóir an Rialacháin seo lena n-údaraítear maoluithe ar Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2016/399 chun foráil a dhéanamh maidir le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES, ní féidir leis na Ballstáit é a bhaint amach go leormhaith agus, de bharr scála agus thionchar na gníomhaíochta, is fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ciallaíonn ‘líon measta trasnuithe teorann’ líon trasnuithe teorann a mheasann Ballstát de náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/2226 i ngach Ballstát ar bhonn meán bliantúil líon iomlán trasnuithe teorann na náisiúnach tríú tír a thaistealaíonn le haghaidh tréimhse ghearrfhanachta sa Bhallstát sin, meán a ríomhtar le haghaidh na 3 bliana roimhe sin ó dháta an chur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an dara fomhír, den Rialachán seo.	(c) ciallaíonn ‘líon measta trasnuithe teorann’ líon trasnuithe teorann a mheasann Ballstát de náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/2226 i ngach Ballstát ar bhonn meán bliantúil líon iomlán trasnuithe teorann na náisiúnach tríú tír a thaistealaíonn le haghaidh tréimhse ghearrfhanachta sa Bhallstát sin, meán a ríomhtar le haghaidh na bliana féilire roimhe sin ó dháta an chur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an dara fomhír, den Rialachán seo.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na pleananna um fheidhmiú céimneach	Na pleananna um fheidhmiú céimneach agus tuarascálacha míosúla

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin [30ú lá féilire tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], soláthróidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) plean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach maidir leis an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES don Choimisiún, do na Ballstáit, agus do Europol freisin, agus na céimeanna a leagtar amach in Airteagal 4 á gcur san áireamh. Ba cheart treoraíocht maidir le húsáid EES do na Ballstáit agus do Europol a bheith sa phlean sin um fheidhmiú céimneach, lena n-áirítear teorainneacha acmhainneachta Lárchóras EES.	1. Faoin [30ú lá féilire tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], soláthróidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) plean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach maidir leis an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES don Choimisiún, do na Ballstáit, agus do Europol freisin, agus na céimeanna a leagtar amach in Airteagal 4 á gcur san áireamh. Beidh treoraíocht maidir le húsáid EES do na Ballstáit agus do Europol sa phlean sin um fheidhmiú céimneach.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoin [60ú lá féilire tar éis theacht i	2. Faoin [60ú lá féilire tar éis theacht i

bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le eu-LISA, forbróidh na Ballstáit plean náisiúnta um fheidhmiú céimneach maidir leis an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, agus an plean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus na céimeanna a leagtar amach in Airteagal 4 á gcur san áireamh.	bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le eu-LISA, forbróidh na Ballstáit pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach maidir leis an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, agus an plean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á chur san áireamh, agus déanfaidh siad na pleananna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Mura dtosóidh Ballstát ag feidhmiú EES go hiomlán ón uair a chuirfear tús de réir a chéile le hoibríochtaí EES, sonrófar sa phlean náisiúnta maidir le feidhmiú céimneach conas a chomhlíonfar na tairseacha agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás gach ceann de na céimeanna a leagtar amach in Airteagal 4, cuimseofar sna pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach an fhaisnéis maidir leis na tairseacha agus na ceanglais a leagtar amach san Airteagal sin.	***scriosta***

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ón 30ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, soláthróidh na Ballstáit tuarascálacha	4. Ón 30ú lá féilire tar éis an dáta óna gcuirfear tús de réir a chéile le hoibríochtaí EES arna chinneadh ag an gCoimisiún i

míosúla don Choimisiún agus do eu-LISA maidir le cur chun feidhme a bpleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach, lena n-áirítear bearta ceartaitheacha i gcás inar gá chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 a chomhlíonadh.	gcomhréir le hAirteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2017/2226, soláthróidh na Ballstáit tuarascálacha míosúla don Choimisiún agus do eu-LISA maidir le cur chun feidhme a bpleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach, lena n-áirítear bearta ceartaitheacha i gcás inar gá chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 a chomhlíonadh.
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Arna iarraidh sin don Choimisiún, soláthróidh eu-Lisa don Choimisiún an staidreamh is gá chun faireachán a dhéanamh ar na pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach, i gcomhréir le hAirteagal 63(6) de Rialachán (AE) 2017/2226.	5. Arna iarraidh sin don Choimisiún, soláthróidh eu-LISA don Choimisiún an staidreamh is gá chun faireachán a dhéanamh ar phlean ardleibhéil um fheidhmiú céimneach agus ar na pleananna náisiúnta um fheidhmiú céimneach, i gcomhréir le hAirteagal 63(6) de Rialachán (AE) 2017/2226.
	Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ón gcéad lá a chuirfear tús de réir a chéile le hoibríochtaí EES, tosóidh gach Ballstát de bheith ag úsáid EES ar dhul isteach agus ar imeacht do dhaoine ag pointe trasnaithe teorann amháin nó níos mó agus, más féidir agus más infheidhme, le meascán de phointí trasnaithe teorann aeir, talún agus mara, chun sonraí na náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de	Ón gcéad lá a chuirfear tús de réir a chéile le hoibríochtaí EES, tosóidh gach Ballstát de bheith ag úsáid EES ar dhul isteach agus ar imeacht do dhaoine ag pointe trasnaithe teorann amháin nó níos mó agus, más féidir agus más infheidhme, le meascán de phointí trasnaithe teorann aeir, talún agus mara, chun sonraí na náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de

Rialachán (AE) 2017/2226 a thaifeadadh agus a stóráil. Cláróidh na Ballstáit in EES 10 % ar a laghad den líon measta trasnuithe teorann sa Bhallstát sin.	Rialachán (AE) 2017/2226 a thaifeadadh agus a stóráil. Tráth nach déanaí ná an 30ú lá féilire tar éis an túis a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES, cláróidh na Ballstáit in EES 10 % ar a laghad de líon measta na dtrasnuithe teorann sa Bhallstát sin.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tráth nach déanaí ná an 90ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, oibreoidh na Ballstáit EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag leath dá bpointí trasnaithe teorann ar a laghad. Cláróidh na Ballstáit 50 % ar a laghad den líon measta trasnuithe teorann sa Bhallstát sin. Beidh sonraí bithmhéadracha i gcomhaid aonair na náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/2226 atá cláraithe in EES.	3. Tráth nach déanaí ná an 90ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, oibreoidh na Ballstáit EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag leath dá bpointí trasnaithe teorann ar a laghad. Cláróidh na Ballstáit 35 % ar a laghad den líon measta trasnuithe teorann sa Bhallstát sin. Beidh sonraí bithmhéadracha i gcomhaid aonair na náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/2226 atá cláraithe in EES.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tráth nach déanaí ná an 150ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, oibreoidh na Ballstáit EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag a bpointí trasnaithe teorann uile agus leanfaidh siad de bheith ag clárú in EES 50 % ar a laghad den líon	4. Tráth nach déanaí ná an 150ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, oibreoidh na Ballstáit EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag a bpointí trasnaithe teorann uile agus leanfaidh siad de bheith ag clárú in EES 50 % ar a laghad den líon

measasta trasnuithe teorann sa Bhallstát sin.	measasta trasnuithe teorann sa Bhallstát sin.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Tráth nach déanaí ná an 170ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, oibreoidh na Ballstáit EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag a bpointí trasnaithe teorann uile agus cláróidh siad in EES na náisiúnaigh tríú tír uile dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/2226.	5. Tráth nach déanaí ná an 170ú lá féilire tar éis an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, oibreoidh na Ballstáit EES le feidhmiúlachtaí bithmhéadracha ag a bpointí trasnaithe teorann uile agus cláróidh siad in EES na náisiúnaigh tríú tír uile dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/2226.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh feidhm ag an toimhde sin maidir le náisiúnaigh tríú tír atá in ann, ar bhealach ar bith, fianaise inchreidte a sholáthar go bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais, go bhfuil ceart cónaithe acu i mBallstát óstach faoin gComhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, nó go bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta acu.	Ní bheidh feidhm ag an toimhde sin maidir le náisiúnaigh tríú tír atá in ann, ar bhealach ar bith, fianaise inchreidte a chur ar fáil a léiríonn go bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais nó go bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta acu.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sa dá chás sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra go pras agus tráth nach déanaí ná 6 uair an chloig tar éis thús na fionraí don Choimisiún agus do eu-LISA maidir leis an gcúis atá leis an bhfionraí pháirteach nó iomlán agus an fad a mheastar a mhairfidh sí agus áiritheoidh siad go gcuirfear oibreoirí bonneagair a bhfuil pointí trasnaithe teorann á n-óstáil acu agus iompróirí ar an eolas go cuí faoin bhfionraí sin. A luaithe a thiocfaidh deireadh leis na himthosca eisceachtúla ba chúis leis an bhfionraí, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do eu-LISA go pras.	Sa dá chás, cuirfidh na Ballstáit na hoibreoirí bonneagair a bhfuil pointí trasnaithe teorann agus iompróirí á n-óstáil acu ar an eolas go pras. Tráth nach déanaí ná 6 uair an chloig tar éis thús na fionraí, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do eu-LISA faoin gcúis atá leis an bhfionraí pháirteach nó iomlán agus an fad a mheastar a mhairfidh sí. A luaithe a thiocfaidh deireadh leis na himthosca eisceachtúla ba chúis leis an bhfionraí, cuirfidh na Ballstáit deireadh leis an bhfionraí agus cuirfidh siad an Coimisiún, eu-LISA agus oibreoirí bonneagair a óstálann pointí trasnaithe teorann agus iompróirí ar an eolas faoi sin go pras.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Más rud é, le linn an túis a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES, go bhfuil sonraí bithmhéadracha i níos lú ná 80 % de na comhaid a chláraítear in EES, cuirfear síneadh 60 lá féilire go huathoibríoch leis an tréimhse a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.	***scriosta***

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Soláthróidh eu-LISA staidreamh don Choimisiún a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún a fhíorú ar baineadh amach an céatadán sin ar a laghad faoin 10ú lá féilire tar éis an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES a bheith thart. Tráth nach déanaí ná an 30ú lá féilire tar éis an tús a chuirfear de réir a chéile le hoibríochtaí EES a bheith thart, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi thoradh a fhíoraithe.	***scriosta***

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Scoirfidh Airteagal 7(2) agus (3) d'fheidhm a bheith acu 300 lá féilire tar éis an dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2017/2226;	(d) scoirfidh Airteagal 7(2) d'fheidhm a bheith aige 240 lá féilire tar éis an dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2017/2226.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Réamhrá

Is cuid lárnach de bhainistiú teorainneacha limistéar Schengen é an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), dá bhforáiltear faoi Rialachán 2017/2226 (‘Rialachán EES’). Cláraítear in EES dul isteach, imeacht agus diúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha na 29 mBallstát Schengen le haghaidh gearrfhanachta ina bhunachar sonraí láraithe. Is céim thábhachtach é ó thaobh iarrachtaí an Aontais chun an tslándáil agus an éifeachtúlacht ag a theorainneacha seachtracha a fheabhsú. Den chéad uair, baileoidh córas sonraí bithmhéadracha, eadhon íomhánna de na haghaidheanna agus méarloirg, mar aon le sonraí alfa-uimhriúla na náisiúnach tríú tír a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha. Le EES deonófar rochtain fíor-ama do Bhallstáit Schengen ar shonraí pearsanta na náisiúnach tríú tír, a stair taistil agus faisnéis i dtaobh an gcomhlíonann siad an tréimhse ghearrfhanachta údaraithe i limistéar Schengen. Mar thoradh air sin, le EES ba cheart go laghdófaí go mór an dóchúlacht go dtarlóidh calaois chéannachta agus rófhanacht, rud a neartóidh slándáil limistéar Schengen. Mar thoradh ar bhonneagar uathoibrithe teorann a shuiteáil, ba cheart go laghdódh EES freisin, ar deireadh, amanna feithimh do thaistealaithe *bona fide* ag pointí trasnaithe teorann.

Mhair forbairt EES ar feadh tréimhse níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis agus cailleadh spriocdhátaí le haghaidh thús na n-oibríochtaí. Ceann de na ceanglais maidir le tús oibríochtaí EES is ea go bhfaigheann an Coimisiún ‘fógra ullmhachta’ ó gach Ballstát. Faoi láthair, tá sé curtha in iúl ag trí Bhallstát nach bhfuil siad in ann fógra den sórt sin a chur isteach. Is é is cúis leis an moill ná meascán de shaincheisteanna intíre agus ábhair imní faoi chobhsaíocht an lárchórais atá á bhainistiú ag eu-LISA.

I bhfianaise an mhéid thuas, mheas páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu le hoibríochtaí EES gur cheart go mbeadh tréimhse choigeartaithe ann sula dtabharfar isteach próisis nua ag na teorainneacha seachtracha d’údaráis náisiúnta agus do thaistealaithe. Dá ndéanfaí córas mórscála TF nua a sheoladh go hiomlán ag gach pointe trasnaithe teorann, d’fhéadfaí an taisteal slán rianúil a chur i mbaol.

Mar sin féin, ní cheadaítear le Rialachán EES ach tús iomlán a chur le hoibríochtaí, lena gceanglaítear ar na Ballstáit uile tús a chur le EES a úsáid go hiomlán agus go comhuaineach i gcás na dtaistealaithe uile atá faoi réir clárú in EES ag gach ceann dá bpointí trasnaithe teorann seachtraí. Ní dhéantar foráil leis maidir leis an rogha tréimhse choigeartaithe a bheith ann.

Sa chomhthéacs sin, i mí na Nollag 2024, thíolaic an Coimisiún togra a mhéid a bhaineann le tús a chur de réir a chéile le hoibríochtaí EES. Dá gcuirfí tús leis an gcóras de réir a chéile, thiocfadh méadú ar an úsáid a bhainfeadh na Ballstáit as thar thréimhse 180 lá go dtí go gcuirfí i bhfeidhm go hiomlán é.

Seasamh an Rapóirtéara

Tacaíonn an Rapóirtéir le EES agus lena aidhmeanna slándáil a fheabhsú agus sreafaí daoine ag teorainneacha seachtracha AE a éascú. Tar éis an rabharta uafásach ionsaithe sceimhlitheoireachta i mBallstáit an Aontais, lena n-áirítear sa Fhrainc agus sa Bheilg, in 2015 agus 2016, ba ríléir go raibh gá leis an tslándáil teorann a threisiú. Cé go dtuigeann an

rapóirtéir an deacracht a bhaineann le mórchóras nua a bhunú ina mbeidh comhpháirteanna nua crua-earraí agus bogearraí chomh maith le modhnú na nósanna imeachta ag pointí trasnaithe teorann, is oth leis nach bhfuil an córas ag feidhmiú go fóill ocht mbliana tar éis ghlacadh an Rialacháin. Ó 2017 i leith, níl aon laghdú tagtha ar bhagairtí slándála: is é a mhalairt atá fíor. Chun feidhmiú céimneach iomlán EES a cheadú ar deireadh thiar, aontaíonn an rapóirtéir i bprionsabal leis an tús forchéimnitheach atá beartaithe a chur le hoibríochtaí.

Seo a leanas na hathruithe a mhol an rapóirtéir a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún:

1. Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gur ar bhonn deonach a dhéanfar EES a chur i bhfeidhm de réir a chéile le linn na tréimhse 180 lá ina gcuirfear tús le hoibríochtaí de réir a chéile. Na Ballstáit a chinneann tosú ar EES a úsáid go hiomlán do na náisiúnaigh tríú tír go léir atá faoi réir clárú in EES ón gcéad lá ar aghaidh ag gach ceann dá bpointí trasnaithe teorann, ba cheart dóibh a bheith in ann é sin a dhéanamh ag an am céanna.

2. É sin ráite, ba cheart níos mó solúbthachta a cheadú do na Ballstáit sin a chinneann úsáid a bhaint as EES a rolladh amach de réir a chéile ná mar a fhoráiltear sa togra ón gCoimisiún. In ionad tosú ó 10 % ar a laghad ón gcéad lá, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit suas le 10 % a charnadh sa chéad 30 lá ó thús forchéimnitheach na n-oibríochtaí. Agus in ionad 50 % ar a laghad de líon measta na dtrasnuithe teorann a chlárú in EES faoi lá 90, ba cheart go sroichfidís 35 % ar a laghad. Leis na céatadáin choigeartaithe seo, léirítear gur easpónantúil, seachas líneach, a bhíonn feidhmiú céimneach na gcóras casta nua de ghnáth.

3. Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir nár cheart feidhmiú céimneach na mBallstát a choinneáil siar a thuilleadh le teorainneacha ag an gcomhpháirt lárnach de EES, arna bhainistiú ag eu-LISA.

4. Soiléiríonn an Rapóirtéir forálacha áirithe maidir leis an bplean um fheidhmiú céimneach agus ceanglais tuairiscithe mhíosúla, an bonn ar a ríomhtar na céatadáin agus sreafaí faisnéise le linn aon fhionraí a d’fhéadfaí a dhéanamh ar úsáid an chórais.

5. Laghdaíonn an Rapóirtéir an tréimhse atá beartaithe tar éis tús a chur le hoibríochtaí de réir a chéile ar lena linn is féidir leis na Ballstáit oibriú EES a chur ar fionraí go páirteach agus cuireann sé i dtábhacht nach mór do na Ballstáit nár eisigh a ndearbhuithe ullmhachta go fóill é sin a dhéanamh go práinneach anois chun go mbeidh an córas in ann tosú i bhfómhar 2025, ar tréimhse chiúin í le haghaidh taisteal trasteorann.